Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10664 – XLCEE / DEROT / BLACK RED WHITE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 223/05)

1. An 25 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— XLCEE-Holding GmbH ("XLCEE", an Ostair), a bhaineann leis an XXXLutz Group ("XXXLutz", an Ostair),

— Derot Fund S.À R.L. ("Derot", Lucsamburg), atá á rialú ag Mr Formela,

— BLACK RED WHITE S.A. ("BRW", an Pholainn), atá á rialú ag Derot.

Gheobhaidh XLCEE agus Derot comhrialú ar BRW ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta laistigh de XXXLutz Group é XLCEE. Tá XXXLutz gníomhach go príomha in oibriú siopaí miondíola fisiceacha agus ar líne le haghaidh troscáin, fearais agus earraí tí san Eoraip.

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta atá á rialú ag Mr Formela é Derot. Rialaíonn Mr Formela BRW Trading Company (an Bhealarúis) freisin, cuideachta a oibríonn ceithre shiopa miondíola la haghaidh troscáin, fearais agus earraí tí sa Bhealarúis.

— Is cuideachta monaraíochta agus miondíola troscáin é BRW, cuideachta atá gníomhach i monaraíocht troscáin agus in oibriú siopaí miondíola fisiceacha le haghaidh troscáin, fearais agus earraí trí sa Pholainn go príomha agus – ar bhonn níos lú – sa tSlóvaic agus sa Bhealarúis freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10664 – XLCEE / DEROT / BLACK RED WHITE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË